

Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta
Phlean Gníomhaíochta do chur i bhfeidhm na gcritéar teanga don tumoideachas

Ainm na Scoile	<i>Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna, Co. na Gaillimhe</i>	Uimhir Rolla	<i>71320S</i>
Comhthéacs na scoile	<p>Tá Coláiste Naomh Feichín suite ar bhruach Loch Coirib i gCorr na Móna i gceartlár Dhúiche Sheoigheach ar bhóthar R345, idir Cunga agus An Mám. Meánscoil chomhoideachais í, Coláiste Naomh Feichín, suite i nGaeltacht Chorr na Móna ó bhunú na scoile sa bhliain 1966. Tá páirt lárnach ag an scoil i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge. Tá an scoil faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus tá 64 scoláire ar an rolla faoi láthair. Tairgíonn Coláiste Naomh Feichín an tSraith Shóisearach (tSS), an Ardeistiméireacht (AT), Idirbhliain (IB) agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT). Tá an scoil suite i gceartlár Limistéar Phleanáil Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh agus tá scoláirí ag teacht chuig an scoil ó na scoileanna seo a leanas: Scoil Mhuire, Corr na Móna*; Scoil Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac*; Scoil Naomh Pádraig, An Fhairche*; Scoil Bhride, Tír na Cille, An Mám*; Scoil Mhuire an Chroí gan Smál, An Lionán; Scoil Naomh Pádraig, Tulach na Croise; Scoil Naomh Bríd, Nead an Iolraigh, Rinn Mhaoile;</p> <p>*Bunscoileanna Gaeltachta ceithre cinn de na scoileanna thuas. Tá na scoileanna eile sa Ghalltacht. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aitheantas do na dúshláin teanga atá ag an scoil agus meascán scoláirí ó cheantair Ghaeltachta agus Ghalltachta a bheith fite fuaite. Is dúshlán mór é seo dár scoil agus tá an faitíos ann go dtitfidh líon na scoláirí atá ag teacht chugainn óna ceantair seo mar gheall go bhfuil faitíos orthu go mbeadh cur isteach ar a gcuid foghlama. Cé go bhfuil an scoil seo suite sa Ghaeltacht tá scoláirí ag teacht chugainn as ceantair nach labhraítear an Ghaeilge mar phríomh-theanga. Fós féin, tá pobal na scoile (bord bainistíochta, oidí, tuismitheoirí, agus daltaí) geallta don Ghaeilge agus stádas mar scoil Ghaeltachta á lorg ag Coláiste Naomh Feichín.</p> <p>Tuigeann muid tábhachtacht na teanga, na hoidhreachta agus an chultúir agus déanann muid ár ndícheall iad seo a chur chun cinn i measc ár ndaltaí. Déanann bainistíocht agus Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin chuile iarracht foireann scoile atá in ann feidhmiú go muiníneach trí Ghaeilge a earcú ach tá sé seo</p>		

dúshlánach. Tá caighdeán maith Gaeilge ag na múinteoirí. Tá an ceardeastas sa Ghaeilge ag na baill foirne ar fad anois agus tá beirt théis tabhairt faoin Teastas Iarchéime i dTeagasc Ábharbhunaithe san Iarbhunscolaíocht Lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta le hOllscoil Luimnigh. Tá an tsonraíocht nua Gaeilge do scoileanna T1 á theagasc sa scoil seo ó thuas na scoil bliana, 2017/2018. Tá na hábhair á theagasc ó thús na scoil bhliain seo, 2017/2018 tré Gaeilge do dhaltáí na Chéad Bliana. Tá leathnú ar an bhfáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge, seachas curaclam an Béarla, an Fhraincis, an Eolaíocht agus Tacaíocht Foghlama ó thosach an bhliain reatha scoile seo.

I gColáiste Naomh Feichín, déanann an fhoireann teagasc agus Bainistíocht na Scoile Oideachas ardchaighdeán a sholáthair do na scoláirí i leith, i dtimpeallacht slán sábháilte agus sonasach ionas go mbeidh sé ar chumas gach dalta a p(h)otéinsiúil a bhaint amach.

Tá feachtas labhartha na Gaeilge i bhfeidhm sa scoil chun feabhas a chuir ar labhairt na Gaeilge timpeall na scoile ó thosaigh an scoile ag tabhairt faoin scéim seo.

Tá torthaí suirbhéanna a déanadh le scoláirí agus tuismitheoirí, ar an nGaeilge le feiceáil thíos.

Torthaí Suirbhé 2017/'18

Scoláirí:

- Dúirt 27% de na daltaí gur rugadh agus tógadh iad i gCeantar Dúiche Sheoigheach iad. Dúirt 53% gur rugadh agus tógadh iad taobh amuigh den Ghaeltacht iad. Dúirt 17% gur rugadh agus tógadh iad i nGaeltacht eile iad. Dúirt 3% gur taobh amuigh d'Éire a rugadh iad.
- Dúirt 47% go raibh an Ghaeilge tábhachtacht dóibh. Dúirt 28% nach raibh sé tábhachtacht. Dúirt 25% gur cuma leo faoin nGaeilge.
- Dúirt 14% go raibh an Ghaeltacht an-thábhachtacht dóibh. Dúirt 33% go raibh an Ghaeltacht tábhachtacht dóibh. Dúirt 23% nach bhfuil an Ghaeltacht tábhachtacht. 30% gur cuma leo faoin nGaeltacht.
- Dúirt 34% gur chainteoirí dúchais iad san nGaeilge iad. Dúirt 12% go raibh siad líofa ach nár tógadh iad sa Ghaeltacht. Dúirt 29% go raibh cúpla focal acu sa Ghaeilge. Dúirt 25% go raibh fíor-bheagán Gaeilge acu.
- Dúirt 64% gur as Béarla amháin go labhrann lena dtuismitheoirí. Dúirt 36% gur as Béarla don chuid is mó a labhrann siad lena dtuismitheoirí.

- Dúirt 19% de scoláirí go raibh Gaeilge labhartha mhaith acu. Dúirt 42% go raibh sé réasúnta maith acu. Dúirt 19% go raibh beagán Gaeilge acu. Dúirt 3% go dtuigeann siad an Ghaeilge. Dúirt 17% nach dtuigeann siad aon cheo as Gaeilge.
- Dúirt 7% gur bí cúis dóibh an Ghaeilge a labhairt ná gurbh í an Ghaeilge teanga a m(h)uintir í. Dúirt 15% gur labhair siad an Ghaeilge toisc buntáistí Oideachasúla agus Eacnamaíochta a bheith bainteach leis an nGaeilge. Dúirt 23% gurbh í an Ghaeilge teanga nádúrtha dóibh í. Dúirt 10% is mian leo an Ghaeilge a labhairt.

Tuismitheoirí:

- Dúirt 65.2% tuismitheoir go raibh Gaeilge acu. Dúirt 34.8% tuismitheoir nach raibh Gaeilge acu.
- Dúirt 28.3% gur chainteoirí dúchasacha iad. Dúirt 6.5% gur chainteoirí líofa iad ach nár tógadh sa Ghaeltacht iad. Dúirt 43.5% go raibh siad ar bheagán Ghaeilge nó cúpla focal. Dúirt 21.7% nach raibh focal ar bith acu.
- Dúirt 45.7% go raibh an-thábhacht leis an nGaeltacht. Dúirt 34.8% go raibh tábhacht leis an nGaeltacht. Dúirt 13% go raibh beagán tábhacht leis an nGaeltacht. Dúirt 6.5% gur cuma leo faoin nGaeltacht.

Múinteoirí:

- Dúirt 75% go raibh stádas na Gaeilge sa scoil réasúnta. Dúirt 16.7% go raibh sé go maith. Dúirt 8.3% go raibh sé uafásach.
- Dúirt 45.5% múinteoir go raibh siad ag múineadh a gcuid ábhair le Bliain 1 trí Ghaeilge. Dúirt 54.5% nach raibh siad ag múineadh trí Ghaeilge.
- Dúirt 45.5% nach raibh aon dheacrachtaí acu múineadh as Ghaeilge. Dúirt 45.5% nach raibh acmhainní le fáil as Gaeilge. Dúirt 18.2% nach raibh na leabhair suas chun dáta agus oiriúnach do na cúrsaí. Dúirt 9.1% go raibh deacrachtaí eile ann a chur bac lena gcuid múineadh.

Suirbhé ar na múinteoirí – 2018/2019

Tá 100% den fhoireann a mhúineann daltaí na Chéad Bliana sásta a gcuid ranganna a mhúineadh as Gaeilge.

Dar leis na múinteoirí a mhúineann daltaí na Chéad Bliana, níor mhúin 82% a gcuid ranganna as Gaeilge, bhí 18% de mhúinteoirí ag múineadh a gcuid ranganna as Gaeilge

Suirbhé ar na múinteoirí- 2021/2022

Deir 70% gur chainteoirí dúchais iad.

Deir 10% go bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu.

Deir 20% go bhfuil caighdeán maith acu.

Fís Scoil s'againne / Our School Vision 2020 -2023

"Education is the most powerful weapon to change the world" – Nelson Mandela

Na focail roghnaithe ag Comhairle na nDaltaí



Cumarsáid / Communication

- > Guth na nDaltaí / Student Voice
- > Comhairle na dtuismitheoirí / Parents Council
- > Foireann na Scoile / School Staff
- > Pobal na Scoile / School Community
- > Litreacha scoile / Polasaithe Scoile / Pleanáil Scoile / Susiomh na Scoile
- www.coláistenaomhfeichin.ie

Guth na nDaltaí / Student Voice

- > Comhairle na nDaltaí / Student Council
- > Ceilicéradh ar scileanna, tallainne agus éachtaí ár ndaltaí / Celebrating our students' skills, talents and achievements
- > Griangrafanna / Photos
- > Lá na nGradaim / Awards Day

Pleanáil / School Planning

- > An Ghaeilge / The promotion of Irish
- > Aitheantas don Scoil mar Scoil Ghaeilteachta / Recognition as a Gaeltacht School
- > Forbairt ar Litearthacht agus Uimhearthacht / Continued Development of Literacy and Numeracy

TFL / ICT & STEM

- > Pleanáil Digiteach / Digital Planning
- > Polasáil Idirlíne / Acceptable Internet Use
- > Uasdátú an Seomra Ríomheolaíochta / Computer Room Update
- > Solathnú an Saotharlann / Science Laboratory Stock
- > Ceardlanna Ríomheolaíochta Bliain 1, 2 & 3 / Computer Skills Workshops

An Teastas Sóisearach Nua / New Junior Cycle

- > Teagasc & Foghlam / Teaching & Learning
- > Féin-mheastóireacht & FGL / Self-Evaluation & CPD
- > Torthaí Foghlama & Intinní Foghlama / Learning Outcomes & Learning Intentions

Riachtanais Oideachais Speisialta / SEN

- > Straitéisí Foghlama Éagsúla / Varied Teaching and Learning Strategies
- > Dífereáil / Differentiation
- > Tacalocht / Support

Folláine / Wellbeing

- > OSSPS / SPHE
- > OSSP / CSPE
- > Corpoideachais / PE
- > Ranganna Folláine / Wellbeing Classes
- > Córas Tréadchúram / Pastoral Care
- > Comhairleoireacht / Guidance
- > Ceardlanna Scileanna Staidéar / Study Skills
- > Ceardlann Sábháilteacht Idirlíne / Internet Safety
- > Lá Folláine / Wellbeing Day

Ag Cothú Dea-Iompair / Promoting Good Behaviour

- > Ionchais Ard-Chaighdeán / High Expectations
- > Caighdeán den Scoth / Exceptional Standards Aspired to
- > Ag cothú Meoin Oibre Dearfach / Promoting Good Work Ethic
- > Cairt Frithbhulaíochta / Anti-Bullying Charter
- > Cód Iompair / Code of Behaviour



Coláiste Naomh Feichín

"Dreams don't work unless you do"

Na focail roghnaithe ag Comhairle na nDaltaí



gretb

Bord Oideachais agus Oibíne na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Scoileanna Friothálacha

- 1.Scoil Mhuire, Corr na Móna*
- 2.Scoil Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac*
- 3.Scoil Naomh Pádraig, An Fháirche*
- 4.Scoil Naomh Iosef, Cunga
- 5.Scoil Bhríde, Tír na Cille, An Mám*
- 6.Scoil Mhuire an Chroí gan Smál, An Lionán
- 7.Scoil Náisiúnta, Leitir Geis
- 8.Scoil Naomh Pádraig, Tulach na Croise
- 9.Scoil Naomh Bríd, Nead an Iolraigh, Rinn Mhaoil
- 10.Scoil Mhuire, Leitir Fraic

*Bunscoileanna Gaeltachta (T1) ceithre cinn de na scoileanna thuas. Tá na scoileanna eile sa Ghalltacht.

Scoileanna Dara leibhéal in aice láimhe

1. Community School, Baile an Róba
2. Presentation College, Áth Cinn
3. Coláiste Mhuire, Tuar Mhic Éadaigh
4. St. Paul's, Uachtar Ard

Méid Daltaí

- Daltaí B1 2021 – 9 daltaí – Ó Bhunscoileanna T1: 9 Ó Bhunscoileanna T2: 0
- Daltaí B1 2020 - 17 daltaí – Ó Bhunscoileanna T1: 16 Ó Bhunscoileanna T2: 1

Leagan amach fochoiste pleanáil teanga

Bainistíocht: GNíC, EUíM &, ÁB

Múinteoirí; Fochoiste an Phlean Gníomhaíochta-CÓC, EUíM, GNíC,MB

(80 nóiméad sa tseachtain-ag CÓC)

Struchtúir Bainistíochta agus Foireann Theagaisc na scoile

2020/2021 12 múinteoir (12 lán aimseartha), cúntóir riachtanais speisialta (leath phost), rúnaí páirt-aimseartha, cúntóir teanga amháin.

2019/2020 12 múinteoir (10 lán aimseartha), beirt páirt-aimseartha, cúntóir riachtanais speisialta (leath phost), rúnaí lán-aimseartha, cúntóir teanga amháin.

An Fhoireann Meán Bainistíochta agus Ceannaireachta atá sa scoil ná PCI x 1(ar sos máithreachas, post gníomhú fós le ceapadh- na hagallaimh 10 den Nollag) agus PCII x 1(Comhordaitheoir Chláir-le ceapadh, tréimhse fógraíochta ag dúnadh ar an 8ú den Nollag).

Tá céim sa Ghaeilge ag 30%.

Tá an Ceard Teastas ag 50%.

Tá Teastas Iarchéime i dTeagasc Ábharbhunaithe san Iarbhunscolaíochta ag 20%.

Dar leis na múinteoirí, tá 80% ar a gcompord i dtaobh tuiscint na Gaeilge.

Tá 90% compordach i dtaobh labhairt na Gaeilge.

Tá 60% compordach i dtaobh scríobh na Gaeilge, 40% reasúnta compordach i dtaobh scríobh na Gaeilge

Tá 100% den fhoireann ag teagasc tré Ghaeilge a n-ábhar do dhaltáí an tSraith Shóisearach agus do dhaltáí na hIdirbliana.

Tuismitheoirí

Labhraítear Béarla den chuid is mó ag cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí.

Bíonn meascán de Ghaeilge agus Béarla in úsáid ag cruinnithe Comhairle na dTuismitheoirí.

Bord Bainistíochta

Feidhmíonn ár mBord Bainistíochta go hiomlán tré Ghaeilge.

Achoimre ar chúrsaí teanga i gColáiste Naomh Feichín

Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aitheantas do na dúshláin teanga atá ag an LPT seo. Is oileán intíre é an LPT a bhfuil brú air ón mBéarla ó chuile thaobh. Anuas ar seo tá an daonra ag meathlú. Tagann na scoláirí atá ag freastal ar Choláiste Naomh Feichín ó cheantair Ghalltachta agus Gaeltachta.

Spriocanna Ghinearálta:

- ✓ Go mbeadh fáil ar churaclam tré mheán na Gaeilge. (Critéir 1,2,3,4,5,6,7,11)
- ✓ Cainteoirí le Gaeilge agus daltaí muinínreacha a sholáthar do thodhchaí na Gaeltachta agus na Gaeilge. (Critéir 7,8,9)
- ✓ Na foghlaimeoirí a chur chun cinn ó thaobh cúrsaí teangan di ar bhealach dearfach, cruthaitheach agus spraoiúil. (Critéir 1,2,3,4, 5, 6, 7)
- ✓ Ardú meanma, agus feasacht i dtaobh na Gaeilge a mhéadú i measc ár ndaltaí, ár dtuismitheoirí agus ár bpobal ghinearálta sa cheantair. (Critéir 3, 9,10)

Sprioc ghinearálta 1: Go mbeadh fáil ar churaclam tré mheán na Gaeilge

Critéir Teanga:	1,2,3,5,6,7,11
Anailís ar an bhfianaise a bailíodh <small>chun an bonnlíne gnóthachtála a aimsiú don sprioc agus an dul chun cinn a rianú</small>	<ul style="list-style-type: none"> • Líon na ndaltaí, sa chéad bhliain (2021/22) (100%) ag déanamh gach ábhar i nGaeilge. • Inniúlacht teanga an mhúinteora. • Tá an béim ar an nGaeilge mar theanga beo. • I suirbhé na múinteoirí agus daltaí na chéad bliana - Dúirt 100% dár ndaltaí go raibh siad ag foghlaim a gcuid ábhar tré Ghaeilge.
Sainsprioc 1 (A) – Gach ábhar ag léibhéal an tSraith Shóisearach agus san Idirbhliain trí mheán na Gaeilge	
Tréimhse ama chun an sprioc a bhaint amach	Meán Fómhair 2020 – Meitheamh 2022 agus amach sa todhchaí,
Ról Ceannasaíochta	Bainistíocht na scoile, múinteoirí ábhar, gach ball foirne.
Critéir Ratha - cén toradh/toradh foghlama a bhainfear amach	
<ul style="list-style-type: none"> • Go mbeadh scoláirí compordach ag foghlaim tré Ghaeilge agus na múinteoirí compordach agus iad ag treorú ár ndaltaí agus a chéile • Ag brath ar ábaltacht na ranga, go n-ardóidh leibhéal gnóthachtála scrúdaithe na scoláirí 	
Na gníomhartha a dhéanfar agus na hacmhainní a úsáidfear chun an sprioc a bhaint amach	
<ul style="list-style-type: none"> • Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin leathnú ag an oíche oscailte agus na buntáistí a bhaineann le Tumoideachais a chur in iúl dóibh. Beidh cur i láthair/físeán ar an oíche oscailte, beidh ról na Gaeilge sa scoil agus eolas ar an Tumoideachas agus buntáistí á mhíniú ag na gcruinniú le Tuistí agus iad ag ullmhú a gcuid páistí don scoil i Mí Bhealtaine. (Bainistíocht, Coiste Gaeilge na nDaltaí, Coiste Pleanála na Scéime & Comhairle na dTuismitheoirí) • Coiste Gaeilge (Coiste Pleanála Gaeilge/múinteoirí/daltaí/coiste Ghaelbhratach/Cúntóir Teanga) ag eagrú imeachtaí spreagúla agus spraoiúla do fhorbairt na Gaeilge, ag reachtáil agus ag eagrú imeachtaí spóirt tré Ghaeilge-Sraith Cispheile idir-scoil do na scoileanna Ghaeltachta/Grúpaí don chomórtas Scléip-bannaí ceoil,amhránaíocht,amhráin nua-chumtha/Foirne Díospóireachta agus taighdeoirí a oiliúint agus a thabhairt le chéile/Ag spreagadh rannpháirtíocht i gcomórtaisí 	

filíochta, scribhneoireachta, ealaíne le béim ar an gcultúr agus oidhreacht na háite/ag gríosadh na ndaltaí a bheith rannpháirteach in imeachtaí ETBI as Gaeilge/Cluichí boird ag am lóin a eagrú/Tráth na gCeist a chumasú ionas gurbh iad na daltaí a eagraíonn na himeachtaí seo/an smaoineamh **Gur Féidir Leo** aon cheo a dhéanamh as Gaeilge agus an meas iontu don Ghaeilge a fhorbairt/turasanna áitiúla a eagrú le béim ar an Ghaeilge agus Ár nOidhreacht .

- An Tairseach-áiseanna Cogg/Bain Súp As/ Fís agus Foghlam/Blas agus Snas
- Scáileáin na bhFógraí á n-eagrú ag an gCoiste Pleanála, daltaí na hIdirbliana, an Choiste Gaelbhrtach freagrach as, €550 - Airgead ón gCiste de bharr Scéim Aitheantas
- Gaeilge le Chéile a sheoladh-sraith d'fhíseáin bunaithe ar Ghramadach na Gaeilge á dhearadh ag daltaí na hIdirbliana, chun cabhrú lena dtuiscint féin ar an nGaeilge agus á roinnt le pobal na scoile, beidh sé ar fail ar suíomh na scoile do phobal na scoile, cur chuige pobal uile- **Fochoiste an Phlean Gníomhaíochta**
- Ranganna comhrá a dhéanamh le múinteoirí ábhar i rith an lá scoile (**Cúntóir Teanga**)
- Beidh an **Cúntóir Teanga** istigh i gcuid de na ranganna-bl 1 & 2 ag cuidiú le daltaí.
- Dhá Scoláireacht chun na Gaeltachta do dhaltá, dalta sóisearach agus Sinsearach-tacaíocht an BOOGR.
- Obair le hAoi-chainteoirí áitiúla chun físeán ar Stair agus seanachas na háite a fhiosrú agus a roinnt leis na mbunscoileanna.
- Comórtas Ealaíne (**Comhairle na dTuismitheoirí**) Póstaeir a dhearadh bunaithe ar na seanfhocail, duaiseanna dearbháin 20 Euro (ón gciste Ghaeilge) agus a gcuid saothar a chéile i gCló ar gheataí na scoile agus bronnta ar na bhunscoileanna áitiúla/ comórtas Cárta Nollag a dhearadh, duaiseanna dearbháin 20 Euro ón gciste Gaeilge, téama roghnaithe ag Comhairle na dTuismitheoirí agus píosa filíochta as Gaeilge iontu, cártaí á dhíol sa phobal.
- Timpeallacht dearfach na Gaeilge a sholáthar.
- An coincheap mórthimpeall ar thábhacht teangacha i gcoitinne a imscrúdú le daltaí agus pobal na scoile, luach teangacha a chur faoi bhráid pobal na scoile (**Coiste Ghaelbhrtach agus an mhúinteoir Fraincise**)

An Mhonatóireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na foghlama

- Plé agus taifead a dhéanamh ar leibhéal gnóthachtúla na scoláirí i scrúdaithe tí ag na cruinnithe de na múinteoirí.
- Plé traschuraclam a dhéanamh le múinteoirí na n-ábhar eile chun tairbhe/dúshlán an tumoideachas a mheas.
- Focáis ghrúpa a chruthú le scoláirí agus Comhairle na dTuismitheoirí chun a meon i Leith na Gaeilge a mheas bunaithe ar na critéir seo a leanas:
 - a. Compord an scoláire leis an mata trí Ghaeilge
 - b. Sástacht agus éifeacht na gníomharthaí ranga foghlamtha atá a chur i bhfeidhm chun na hábhair a mhúineadh
 - c. An bhfuil seilbh á ghlacadh ag an scoláire ar an bhfoghlaim?
- Aiseolas tuismitheoirí na n-gasúir a fháil i dtaobh an dul chun cinn/deacrachtaí atá ag scoláirí i leith an fhoghlaime tré Ghaeilge a fháil.
- Plé oscailte ar dul chun cinn an sprioc ag cruinnithe foirne.


An Mheastóireacht agus an tAthbhreithniú a dhéanfar ar an gcur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean

- Fócas- ghrúpa tuismitheoirí, scoláirí & múinteoirí a thabhairt le chéile agus a dtuairimí a lorg i dtaobh éifeacht an phlean ag deireadh an phlean reatha.
- Torthaí scrúdaithe tí & stáit a iniúchadh go bliantúil. Na sonraí agus torthaí bonnlíne a chur i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Dátaí athbhreithnithe

Meitheamh 2022

An Toradh a baineadh amach (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)
An chéad chéim eile (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)

Critéar Teanga:	1,2,3,5,6,7,11
Anailís ar an bhfianaise a bailíodh chun an bonnlíne gnóthachtála a aimsiú don sprioc agus an dul chun cinn a rianú	<ul style="list-style-type: none"> • RÓS ag maoiniú agus ag stiúradh na scéime. (fisc)
Sainsprioc 1(B) Sainsprioc (B) Leathnú ar an bhfáil ar an curaclaim trí Ghaeilge don Ardteist.	
<ul style="list-style-type: none"> • Tionscnamh píolóta - Fisc na hArdtesite ar líne. 	
	
Tréimhse ama chun an sprioc a bhaint amach	Meán Fómhair 2020 – Meitheamh 2022
Ról Ceannasaíochta	Bainistíocht na scoile
Critéir Ratha - cén toradh/toradh foghlama a bhainfear amach	
<ul style="list-style-type: none"> • Plé agus taifead a dhéanamh ar leibhéal gnóthachtála na scoláirí i scrúdaithe ag na cruinnithe de na múinteoirí. • Plé traschuraclam a dhéanamh le múinteoirí na n-ábhar eile chun tairbhe/dúshláin an tumoideachas a mheas. • Focáis ghrúpa a dhéanamh le scoláirí uair sa bhliain chun a meon i leith an abháir trí Ghaeilge a mheas bunaithe ar na critéir seo a leanas: <ol style="list-style-type: none"> 1. Compord an scoláire leis an ábhar tré Ghaeilge 2. Sástacht agus éifeacht na gníomhartha ranga foghlamtha atá a chur i bhfeidhm chun an ábhar a mhúineadh 	

<p>3. An bhfuil seilbh á ghlacadh ag an scoláire ar an bhfoghlaim?</p> <ul style="list-style-type: none"> • Aiseolas tuismitheoirí na n-gasúir a fháil i dtaobh an dul chun cinn/deacrachtaí atá ag scoláirí i leith an Fhisc trí Ghaeilge a fháil. • Plé oscailte ar dul chun cinn an sprioc ag cruinnithe foirne le tosaíochtaí le bhreis le aithint más gá 	
<p>Na gníomhartha a dhéanfar agus na hacmhainní a úsáidfear chun an sprioc a bhaint amach</p>	
<ul style="list-style-type: none"> ○ Físc – 6 rang/ rang amháin don mheantóir Físice, ar an Luan agus 5 rang Físice sa tseachtain ○ Eolas ar na hábhair ag léibhéal sinsearach na scoile ar fáil san Réamheolaire nua agus san chaipéis ar na hábhair a thugtar amach do dhaltáí agus tuistí na 3ú bliana ag an gcrúinniú eolais ar roghanna ag an tSraith Shinsearach. ○ Tuismitheoirí - a chur ar an eolas ag oíche eolais faoi na hábhair atá ar fáil i mbliain a cúig as Gaeilge <p>Bainistíocht</p>	
<p>An Mhionatáireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na foghlama</p>	
<ul style="list-style-type: none"> • Plé agus taifead a dhéanamh ar leibhéal gnóthachtúla na scoláirí i scrúdaithe ag cruinnithe roinne. • Bainistíocht ag obair leis an ROS ar athbhreithniú agus meastóireacht ar an bhFísc. <ol style="list-style-type: none"> 1. Compord an scoláire leis an mata/físc/Tíreolas/Gnó trí Ghaeilge agus leis an “e-hub learning” 2. Sástacht agus éifeacht na gníomhartha ranga foghlamtha atá a chur i bhfeidhm chun an ábhar a mhúineadh 3. An bhfuil seilbh a ghlacadh ag an scoláire ar an bhfoghlaim? <ul style="list-style-type: none"> • Plé oscailte ar dul chun cinn an sprioc ag cruinnithe foirne le tosaíochtaí le breis le haithint más gá 	
<p>An Mheastóireacht agus an tAthbhreithniú a dhéanfar ar an gcur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean</p>	<p>Dátaí athbhreithnithe</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Fócas- ghrúpa/Suirbhé tuismitheoirí, scoláirí & múinteoirí a thabhairt le chéile agus a dtuairimí a lorg i dtaobh éifeacht an phlean ag deireadh an phlean reatha. • Torthaí scrúdaithe tí & stáit a iniúchadh go bliantúil. Na sonraí agus torthaí bonnlíne a chur i gcomparáid leis an bhliain roimhe sin. 	<p>Meitheamh 2022</p>
<p>An Toradh a baineadh amach (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)</p>	
<p>An chéad chéim eile (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)</p>	

✓ **Spríoc 2: Cainteoirí agus daltaí mhuiníneacha a sholáthar do thodhchaí na Gaeltachta agus an Ghaeilge. (Critéir 7,8,9)**

Critéir	Critéir 1,2,3,4, 5, 6, 7
Anailís ar an bhfianaise a bailíodh chun an bonnlíne gnóthachta a aimsiú don spríoc agus an dul chun cinn a rianú	Torthaí scrúduithe scríofa sa Ghaeilge déanta ag tús na scoil bliana Prófil le déanamh ar dhaltaí na Chéad bliana ag úsáid áiseanna Cogg a roinneadh ar an bhfoireann an tseachtain seo caite.
Sainspríoc 2.1 Tacú leis na daltaí chun an chaighdeán Gaeilge atá ag teastáil do T1 a bhaint amach.	
Tréimhse ama chun an spríoc a bhaint amach	Meán Fómhair 2020 – Meitheamh 2022- ag leanúint leis sa todhchaí
Ról Ceannasaíochta	Bainistíocht na scoile
Critéir Ratha - cén toradh/toradh foghlama a bhainfear amach	
<ul style="list-style-type: none"> Go mbeadh scoláirí compordach ag foghlaim Ghaeilge ag an leibhéal T1. Ag brath ar ábaltacht na ranga, go n-ardóidh leibhéal gnóthachtúla scrúdaithe na scoláirí 	
Na gníomhartha a dhéanfar agus na hacmhainní a úsáidfear chun an spríoc a bhaint amach (can add in extra for cúntóir teanga)	
<ul style="list-style-type: none"> Gach múinteoir a mhúineann daltaí shóisearacha agus an Idirbhliain ag tabhairt faoi spríoc seo. <p>Bainistíocht & Roinn ábhair</p> <ul style="list-style-type: none"> Club Óige pílotach a eagrú tré Gaeilge do daltaí i mbliain 1 & 2 agus daltaí bunscoile rang a 6 agus a 5 atá sa limistéir. <p>Cúntóir Teanga, OPT, Bainistíocht, Fochoiste an phlean Gníomhaíochta</p> <ul style="list-style-type: none"> Tacaíocht do dhaltaí ó Bhunscoileanna T2 – tacaíocht breise óna múinteoirí tacaíochta agus an Cúntóir Teanga. Tús áite a thabhairt don chanúint áitiúil trí thurais/aoichainteoirí áitiúla/taighde áitiúil a eagrú ag obair leis an gCoiste Pleanála, Cúntóir Teanga, OPT Deis a thabhairt do na daltaí agus an pobal an fhilíocht/pros/béaloideas/stair áitiúil a bhlaiseadh agus a fhoghlaim <p>Roinn na Gaeilge, Cúntóir Teanga, Fochoiste an Phlean Gníomhaíochta, Coiste Gaeilge na ndaltaí</p>	

An Mhonatóireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na foghlama	
<ul style="list-style-type: none"> • Plé agus taifead a dhéanamh ar leibhéal gnóthachtúla na scoláirí i scrúdaithe ag na cruinnithe de na múinteoirí. • Plé traschuraclam a dhéanamh le múinteoirí na n-ábhar eile chun tairbhe/dúshlán T1 a mheas. • Aiseolas tuismitheoirí na n-gasúir a fháil i dtaobh an dul chun cinn/deacrachtaí atá ag scoláirí i leith an Ghaeilge a fháil. • Plé oscailte ar dul chun cinn an sprioc ag cruinnithe foirne le tosaíochtaí le bhreis le aithint más gá. • Méid na ndaltaí ag tógáil an ardleibhéal ag an leibhéal sinsearacha a mheas. • Aiseolas ar chaighdeán na Gaeilge ó Roinn na Gaeilge agus ón gCúntóir Teanga. • Cruinnithe ábhair. • Cruinnithe Coiste Gaeilge na nDaltaí • Coiste Gaelbhratach • Taifead a choinneáil de na haoichainteoirí ag tacú le leathnú eolais na ndaltaí ar stair oidhreachta agus Gaeilge na háite. • Eolas agus taifead ar an obair ar shuíomh na scoile 	
An Mheastóireacht agus an tAthbhreithniú a dhéanfar ar an gcur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean	Dátaí athbhreithnithe
<ul style="list-style-type: none"> • Fócas- ghrúpa/Suirbhé tuismitheoirí, scoláirí & múinteoirí a thabhairt le chéile agus a dtuairimí a lorg i dtaobh éifeacht an phlean ag deireadh an phlean reatha. • Tuairisc ón gcúntóir teanga • Torthaí scrúdaithe tí & stáit a iniúchadh go bliantúil. Na sonraí agus torthaí bonnlíne a chur i gcomparáid leis an bhliain roimhe sin. 	Meitheamh 2022
An Toradh a baineadh amach (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)	
An chéad chéim eile (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)	

Na foghlaimeoirí a chur chun cinn ó thaobh cúrsaí teangan di ar bhealach dearfach, cruthaitheach agus spraoiúil.
(Critéir 1,2,3,4, 5, 6, 7)

Critéar Teanga:	1,2,3,5,6,7,11
Anailís ar an bhfianaise a bailíodh chun an bonnlíne gnóthachtála a aimsiú don sprioc agus an dul chun cinn a rianú	<p>Suirbhé ar na múinteoirí – 2018/2019 Tá 100% den fhoireann a mhúineann daltaí na Chéad Bliana sásta a gcuid ranganna a mhúineadh as Gaeilge. Dar leis na múinteoirí a mhúineann daltaí na Chéad Bliana, níor mhúin 82% a gcuid ranganna as Gaeilge, bhí 18% de mhúinteoirí ag múineadh a gcuid ranganna as Gaeilge</p> <p>Suirbhé ar na múinteoirí- 2021/2022 Deir 70% gur chainteoirí dúchais iad. Deir 10% go bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu. Deir 20% go bhfuil caighdeán maith acu.</p>
Sainsprioc A: Cumarsáid fhoirmiúil na scoile tré Ghaeilge a neartú.	
Tréimhse ama chun an sprioc a bhaint amach	Mean Fómhair 2020 – Meitheamh 2022
Ról Ceannasaíochta	Bainistíocht na scoile
Critéir Ratha - cén toradh/toradh foghlama a bhainfear amach	
<ul style="list-style-type: none"> Go mbeadh scoláirí agus múinteoirí compordach, dearfach agus muiníneach as Gaeilge a labhairt agus a úsáid. 	
Na gníomhartha a dhéanfar agus na hacmhainní a úsáidfear chun an sprioc a bhaint amach	
<ul style="list-style-type: none"> Ranganna Gaeilge ón Acadamh a chur ar fáil do fhoireann na scoile. Úsáid a bhaint as uaireanta Bhóthar Haddington/FGL. Costas € Tacaíocht don chúrsa Teastas Iarchéime i dTeagasc Ábharbhunaithe san Iarbhunscolaíochta ón BOOGR do na múinteoirí agus cabhair ón gCúntóir Teanga Cúntóir Teanga- 10 n-uaire sa tseachtain ó Muintearas Tearmaíocht; Teanga acadúil; intinní foghlama do gach ábhair, tuairiscíní agus an córas grádú don Teastas Shóisearach, teanga na scrúdaithe a chur ar fáil. Cúntóir Teanga Cuir leis na nathanna cainte úsáideacha agus eochair fhocla do chuile ábhar {Bainistíocht na scoile, Múinteoirí Ranga/ábhair} Fógraí ó bhéal i nGaeilge amháin. {Bainistíocht na scoile} Beidh páipéarachas agus comharthaí/fógraí na scoile tré Ghaeilge. Tabharfar tús áite don Ghaeilge in aon chomhfhreagras a chuirfear abhaile. Bainistíocht na scoile Beidh suíomh idirlín na scoile agus poiblíocht na scoile dátheangach ach tabharfar tús áite don Ghaeilge. Bainistíocht na Scoile 	

<ul style="list-style-type: none"> Dialann scoile as Gaeilge a bheith ag na ndaltaí agus na hábhair agus an obairbhaile scríofa tré Ghaeilge Múinteoirí Ranga & Múinteoirí ábhair 	
An Mhonatóireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na foghlama	
<ul style="list-style-type: none"> Plé oscailte ar dul chun cinn an sprioc ag cruinnithe foirne, le tosaíochtaí le bhreis le aithint más gá. Cruinnithe Coiste Gaeilge na nDaltaí (CG). Cruinnithe ag an gcúntóir leis an Coiste Gaeilge agus Gaelbhratach. 	
An Mheastóireacht agus an tAthbhreithniú a dhéanfar ar an gcur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean	Dátaí athbhreithnithe
<ul style="list-style-type: none"> Tuairisc ón gcúntóir teanga ag deireadh na bliana. Suirbhé múinteoirí a athdhéanamh agus na torthaí a chur i gcomparáid leis an gcéad suirbhé. 	Meitheamh 2022
An Toradh a baineadh amach (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)	
An chéad chéim eile (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)	

Critéar Teanga:	1,2,3,5,6,7,11
Anailís ar an bhfianaise a bailíodh chun an bonnlíne gnóthachtála a aimsiú don sprioc agus an dul chun cinn a rianú	

Sainsprioc B: Sóisialú an teanga i bpobail na scoile.	
Tréimhse ama chun an sprioc a bhaint amach	Meán Fómhair 2020 – Meitheamh 2022
Ról Ceannasaíochta	Bainistíocht na scoile
Critéir Ratha - cén toradh/toradh foghlama a bhainfear amach	
<ul style="list-style-type: none"> Go mbeidh Gaeilge le cloisteáil idir dhaltaí agus múinteoirí i dtimpeallacht na scoile. 	
Na gníomhartha a dhéanfar agus na hacmhainní a úsáidfear chun an sprioc a bhaint amach	
<ul style="list-style-type: none"> Coiste Gaeilge na nDaltaí. Is uirlis é seo chun éisteacht le tuairimí, riachtanais agus dearcadh na ndaltaí. Beidh ról gníomhach acu i gcur chun cinn na Gaeilge. Spriocanna an choiste: Ról lárnach i bhFeachtas an Gaelbhratach, imeachtaí Ghaeilge a eagrú, Sraith Cispheile na scoileanna Ghaeltachta a eagrú/ imeachtaí spraoiúla/tráth na gCeist a eagrú, rannpháirtíocht i gcomórtais Ghaeilge a ghríosadh, timpeallacht Ghaelach agus dearfach a sholáthar, imeachtaí agus turais filíochta, béaloideas agus stairiúla áitiúla a eagrú. Scáileáin na bhfógraí acu chun eolas a roinnt le daltaí na scoile. Cuntas Instgram a bhunú don Ghaelbhratach. Fochoiste an phlean gníomhaíochta, Comhairle na dTuismitheoirí an OPT agus Bainistíocht Cuirfear béim ar Ghaeilge ag Bronnadh na nduaiseanna. Imeacht ag deireadh na scoilbhliana Scoláireachtaí chuig an Ghaeltacht BOOGR. Foirne díospóireachta a eagrú. (Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain) Club ceoil a bhunú (Fochoiste-Scléip/ Mairéad Bhreathanch-Ceol Gaelach). Imeachtaí Gaeilge ag am lóin, seomra caidrimh do chumarsáid agus do chluichí i nGaeilge. Cúntóir Teanga/Fochoiste Gach iarracht a dhéanamh aoichainteoirí, teagascóirí le Gaeilge a aimsiú d’imeachtaí scoile. Seo Bóthar – €150. Ré Ó Laighléis-BOOGR Ceardlanna Raidió le Raidió Rí-Rá – € 300. Cúrsa Podchraoladh Bainistíocht, Fochoiste an phlean gníomhaíochta & múinteoirí ábhair, Cuireadh chuig iarscolairí teacht chun labhairt leis na scoláirí faoi bhuntáistí na Gaeilge agus teangacha iasachta. Fochoiste an phlean Gníomhaíochta agus múinteoirí teanga na scoile Turas a eagrú ionas gur féidir leis na daltaí cumarsáid a dhéanamh agus aithne a chur ar a chéile tré Ghaeilge. Fochoiste an phlean gníomhaíochta & Coiste Gaeilge Ceol Lurgan ar bun do dhaltaí le linn imeachtaí scoile Clár don Idirbhliain - Ceannairí don todhchaí don CLG - Modúl Cóitseálaí CLG a chur ar fáil dár mbunscoileanna friothálacha i gcomhar le clár na hidirbhliana. https://learning.gaa.ie/ Fochoiste an Phlean Gaeilge, Comhordaitheoir na hidirbhliana, Coiste Gaeilge na nDaltaí (2022) 	
An Mhonatóireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na foghlama	
<ul style="list-style-type: none"> Cruinnithe Foirne Cruinnithe Cumann na dtuismitheoirí Cruinnithe Coiste na ndaltaí Cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí. Pléite ag cruinnithe fhochoiste an phlean gníomhaíochta. Taifead ar rannpháirtíocht na scoile agus an t-eolas scaipthe ar phobal na scoile. 	

<ul style="list-style-type: none"> • Taifead a choinneal de na haoichainteoirí/teagascóirí Gaeilge. • Aiseolas ón gcúntóir teanga 	
An Mheastóireacht agus an tAthbhreithniú a dhéanfar ar an gcur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean	Dátaí athbhreithnithe
<ul style="list-style-type: none"> • Fócas grúpa le choiste Gaeilge na ndaltaí. • Líon na daltaí ar an gcoiste Gaeilge. • Aiseolas ó na scoileanna a freastalaíonn ar ócáidí. 	Meitheamh 2022
An Toradh a baineadh amach (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)	
An chéad chéim eile (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)	

- ✓ **Ardú meanma agus feasacht i dtaobh an ghaeilge a mhéadú i measc tuismitheoirí agus pobal ghinearálta an cheantair. (Critéir 3, 9,10)**

Critéar Teanga:	1,2,3,5,6,7,11
Anailís ar an bhfianaise a bailíodh chun an bonnlíne gnóthachtála a aimsiú don sprioc agus an dul chun cinn a rianú	
Sainsprioc A. Nasc níos láidre a chothú leis na bunscoileanna friothalacha	
Tréimhse ama chun an sprioc a bhaint amach	Meán Fómhair 2020 – Meitheamh 2022
Ról Ceannasaíochta	Bainistíocht na scoile
Critéir Ratha - cén toradh/toradh foghlama a bhainfear amach	
Na gníomhartha a dhéanfar agus na hacmhainní a úsáidfear chun an sprioc a bhaint amach	
<p>Sainsprioc (A)</p> <ul style="list-style-type: none"> • Laethanta agus oíche oscailte do na bunscoileanna friothalacha a eagrú nuair gur féidir linn. <p>Bainistíocht</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh a thabhairt do na bunscoileanna freastal ar imeachtaí/ar ócáidí m.sh seachtain na Gaeilge, drámaí, Seó na Nollag, srl. <p>Bainistíocht & na múinteoirí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Lá ionduchtú - Clár Aistrithe scoile do na daltaí go bhfaighidís taithí ar an scoil agus ar an nGaeilge. • Áiseanna a roinnt leis na mbunscoileanna / fiseáin/póstaeir/achmhainní déanta ag an scoil a roinnt leo chun tallainn na ndaltaí a fheiceáil • Réamheolaire Nua don scoilbhliain amach romhainn. • Eolas uasdátaithe go rialta ar shuíomh na scoile • Litreacha eolais don pobal scoile. • Seachtain na hEolaíochta <p>Bainistíocht, Coiste Gaelbhratach, Fochoiste</p>	
An Mhionatáireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na foghlama	

- Cruinnithe Foirne
- Cruinnithe Boird
- Cruinnithe Cumann na dtuismitheoirí
- Pléite ag cruinnithe fhochoiste an phlean gníomhaíochta.
- Aiseolas ó na bunscoileanna.

An Mheastóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanfar ar an gcur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean	Dátaí athbhreithnithe
<ul style="list-style-type: none"> • Líon na ndaltaí ag freastail ar an scoil ó na bunscoileanna áitiúla. 	Meitheamh 2022
An Toradh a baineadh amach (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)	
An chéad chéim eile (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)	